



An Tuarascáil

Sheol an tEaspag Mac Tréinfhir Tuarascáil na hEaglaise Beo, Déardaoin, 3Samhain, Lá Fhéile N.Maolmhaodhog. Toradh atá ann ar phróiseas fada éisteachta sa deoise seo. Bhí coiste stiúrtha taobh thiar den phróiseas seo, a cuireadh ar bun ar dtús mar fho-choiste de Chomhairle na Sagart ach leathnaigh sé amach ar ball le tuataí agus lucht na beatha rialta a ghlacadh isteach.

Eaglais Bheo

Ba léir go luath dóibh siúd a bhí páirteach ann gur rud organach a bhí sa phróiseas agus go raibh an Spiorad ag obair. Chonacthas do lucht an choiste gur ghá ainm a thabhairt don phróiseas. Thángthas ar 'Eaglais Bheo' agus ar an logó a théann leis mar cuireann siad in iúl an rud beo orgánach atá i gceist. Beidh Comhdháil na Deoise ann fa Chincís sa bhliain 2013. Mar sin de, *Eaglais Bheo – An Dún agus Coinnire 2013*.

An Próiseas Éisteachta

In 2010 bhí tréimhsí éisteachta ann do shagairt agus do lucht na beatha rialta. D'éascair tuarascálacha astu sin a cuireadh faoi bhráid an Easpaig; mhol siad dó Comhdháil na deoise a bheith ann i ndiaidh próiseas éisteachta a bheith ann fud fad na deoise. Ansin in Earrach na bliana seo chuaigh grúpa mór 'éisteoirí' amach chuig na paróistí uilig, pobal an aifrinn i Naomh Muire ina measc, agus d'éist siad le freagraí na ndaoine ar dhá cheist:

- Cén cruth a bheadh ar ár gcuid paróistí agus ar ár ndeoise da mba rud é go raibh an creideamh caitliceach á chur i ngníomh go hiomlán
- Cad é a chaithfear a dhéanamh len' é seo a fhíorú?

Ghlac níos mó ná 3000 duine páirt. Bhí a dtromlach siúd thar 50 bliain d'aois. I ngach aon áit bhí comhrá bríomhar dáiríre ann agus chuir daoine in iúl go raibh siad sásta deis a bheith acu labhairt faoin eaglais. I gcásann áirithe bhí teannas mór ann agus labhair daoine amach faoin fhearg agus faoin mhearbhall a bhí orthu de dheasca an drochdhóigh atá ar an eaglais. Bhí cuid mhaith frustrachais ann agus dúirt daoine áirithe go raibh siad ciniciúil agus in amhras go dtiocfadh feabhas ar bith ar chúrsaí.

Cé go raibh daoine áirithe ag súil le hathrú an-radacach i gcruth na hEaglaise, bhí daoine eile ann agus eagla orthu go gcaillfí mórluacha an traidisiúin a bhfuil an-dúil acu iontu.

An Tuarascáil

Is é aidhm na tuarascála achoimre macánta a thabhairt ar an méid a dúradh agus bailítear na tuairimí le chéile faoi chúig cheannteideal éagsúla.

Uimhir a haon: Is léir go bhfuil a lán daoine ag súil le hathrú mór maidir le ról na dtuatach sna paróistí. Bhíothas ag iarraidh comh-fhreagracht idir sagairt agus tuataí a chur sa tsiúl i ngach aon seisiún éisteachta.

Uimhir a dó: Fud fad na deoise bhi daoine ag rá gur cheart agus gur chóir go mbeadh iomrá ar ár bparóistí mór áiteanna a gcuirtear fáilte roimh gach aon duine, go fial agus go hoscailte. Bhíothas ag iarraidh go forleathan go ndéanfaí gnó na bparóistí agus na deoise go hoscailte, go macánta agus go trédhearcach.

Uimhir a trí: Caithfidimid cultúr na comhfhreagrachta a fhorbairt idir sagairt agus tuataí i saol na bparóistí agus na deoise.

Uimhir a ceathair; Cuireadh béim mhór sa phróiseas éisteachta ar an nasc atá idir an creideamh agus adhradh Dé. Tuigtear gurb é an liotúirge, an urnaí agus adhradh Dé a chothaíonn creideamh na ndaoine. Cuireadh béim mhór ar thábhacht na liotúirge a bheith ullmhaithe go maith agus í maisithe mar is cóir le ceol maith agus an pobal páirteach ann. Tá an-ghá le Briathar Dé a bheith curtha os comhair an phobail i seanmóirí maithe.

Uimhir a cúig: Tuigeann gach aon duine go bhfuil dualgas orainn an creideamh a thabairt ar aghaidh chuig an chéad ghlúin eile.

Na Moltaí

Is é an chéad mholadh go ndéanfaidh an deoise réidh do Chomhdháil na Deoise ag Cincís 2013.

Idir an dá linn cuirfidh an tEaspag Oifig na hEaglaise Beo ar bun leis an chomhdháil a ullmhú agus le cuidiú leis an deoise céimeanna chun tosaigh a ghlacadh faoi na cúig réimse a luadh:

- Ról na dtuatach
- Pobal oscailte, fáiltiúil
- An Chléir
- Creideamh agus Adhradh Dé
- An Creideamh a thabhairt don óige

Léarscáil atá sa tuarascáil don tréimhse seo romhainn, idir seo agus an Chomhdháil. Cuirfear Oifig ar bun dá réir leis an obair a chur chun tosaigh agus an Chomhdháil a ullmhú.

Bímis ag gui go mbeidh toradh agus bláth ar shaol na deoise de bharr na hoibre seo ar fad.